AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 8.9.2023
COM(2023) 519 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

i leith tharmligean na gcumhachtaí dá dtagraítear in Airteagal 5(2) agus in Airteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 2017/2403 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 maidir le bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar chabhlaigh iascaireachta sheachtracha

1. Réamhrá

Is é is aidhm do Rialachán (AE) 2017/2403 maidir le bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar chabhlaigh iascaireachta sheachtracha[1] (Rialachán SMEFF):

(a) rialuithe ar ghníomhaíochtaí iascaireachta a neartú, trí údaruithe le haghaidh soithí de chuid an Aontais a bhíonn ag iascaireacht lasmuigh d'uiscí an Aontais den chuid is mó;

(b) cuid d'údarúcháin stáit bhrataí an Aontais a chur chun feidhme, arna ndíorthú ó chomhaontuithe déthaobhacha iascaigh an Aontais agus ó eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh; agus

(c) cuspóirí an chomhbheartais iascaigh a threisiú maidir le hiascaigh inbhuanaithe, rialú agus rialacha an Aontais maidir le dul i ngleic le hiascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (NNN).

Chun cuspóirí Rialachán SMEFF a chomhlíonadh, agus go háirithe chun é a chur in oiriúint d'fhorbairtí a d'fhéadfadh a bheith ann, déantar an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún. Is féidir leis an gCoimisiún an chumhacht sin[2] a úsáid chun an Iarscríbhinn a leasú[3] chun a áirithiú go ndéanfar faireachán iomchuí ar ghníomhaíochtaí soithí iascaireachta faoin Rialachán, go háirithe trí cheanglais nua maidir le sonraí; agus chun Airteagal 10[4] a fhorlíonadh trí thorthaí na gcomhairliúchán idir an tAontas agus tríú tíortha a bhfuil comhaontú tugtha i gcrích ag an Aontas leo, nó trí bhíthin thorthaí socruithe le stáit chósta a roinntear stoic éisc leo, a chur chun feidhme i ndlí an Aontais, a mhéid a bhaineann leis na coinníollacha d'údaruithe iascaireachta.

Leagtar amach in Airteagal 44 de Rialachán SMEFF na coinníollacha faoinar féidir leis an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Bunús dlí

Ceanglaítear an tuarascáil seo faoi Airteagal 44(2) de Rialachán SMEFF. I gcomhréir leis an bhforáil sin, na cumhachtaí chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 5(2) agus Airteagal 15, tugtar iad don Choimisiún go ceann tréimhse 5 bliana ón 17 Eanáir 2018. Ceanglaítear ar an gCoimisiún tuarascáil a ullmhú maidir le tarmligean na gcumhachtaí tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana. In éagmais aon fhreasúra ó na comhreachtóirí, cuireadh síneadh 5 bliana eile le tarmligean na gcumhachtaí go hintuigthe, go dtí an 17 Eanáir 2028.

Le Rialachán SMEFF tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh maidir leis an méid seo a leanas:

---

1 Rialachán (AE) 2017/2403 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 maidir le bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar chabhlaigh iascaireachta sheachtracha, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1006/2008 ón gComhairle, IO L 347, 28.12.2017, lch. 81-104.

2 Dá bhforáiltear in aithris 34 de Rialachán SMEFF.

3 Dá bhforáiltear in Airteagal 5(2) de Rialachán SMEFF.

4 Dá bhforáiltear in Airteagal 15 de Rialachán SMEFF.

a) an Iarscríbhinn a leasú chun faireachán iomchuí a áirithiú ar ghníomhaíochtaí soithí iascaireachta faoin Rialachán, go háirithe trí cheanglais nua sonraí (Airteagal 5(2) de Rialachán SMEFF); agus

b) Airteagal 10 a fhorlíonadh trí thorthaí na gcomhairliúchán idir an tAontas agus tríú tíortha a bhfuil comhaontú tugtha i gcrích ag an Aontas leo, nó trí bhíthin thorthaí socruithe le stáit chósta a roinntear stoic éisc leo, a chur chun feidhme i ndlí an Aontais, a mhéid a bhaineann leis na coinníollacha d'údaruithe iascaireachta (Airteagal 15 de Rialachán SMEFF).

3. Tarmligean na gcumhachtaí a fheidhmiú

Ón 17 Eanáir 2018 i leith, níor ghlac an Coimisiún aon ghníomh tarmligthe faoi Rialachán SMEFF. Na cumhachtaí chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, déantar iad le haghaidh an oiriúnaithe is gá ar Rialachán SMEFF don chomhthéacs ina gcuirtear an Rialachán i bhfeidhm (i.e. do theicneolaíochtaí nua nó torthaí caibidlíochta nua le tríú stáit). Níor ghá oiriúnú den sórt sin go dtí seo.

4. Conclúid

Measann an Coimisiún nár ghá roimhe seo Rialachán SMEFF a oiriúnú trína chumhachtaí a fheidhmiú faoi Airteagal 5(2) nó Airteagal 15 de Rialachán FBM.

Mar sin féin, d'fhéadfadh sé gur ghá gníomhartha tarmligthe den sórt sin amach anseo fós chun an Rialachán a oiriúnú d'athruithe teicneolaíochta nó le linn chur chun feidhme comhaontuithe a thabharfar i gcrích le tríú stáit.

Iarrann an Coimisiún ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle an tuarascáil seo a thabhairt dá n-aire.